Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Gníomhaíochtaí ranga

Classroom activities

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Introduction

Welcome to the classroom activities for *Speaking Irish*. Here you will find the following materials:

- sheets for twenty classroom exercise based on one interview selected from each of the units
- advice for the teacher on how best to use the classroom activities
- an answer key for each classroom exercise

Each of the exercise sheets is designed so that it can be used independently – in other words you may use the materials in one unit without having covered the material in the previous unit. Most of the exercise sheets include three general types of activities:

Pre-viewing activities
The aim of these activities is to get the learners to think about whatever knowledge they have of the topic in question and to help prepare them for watching the interview itself.

While-viewing activities
The range of these activities can vary according to the theme and substance of the interview. Some focus on specific vocabulary items and general or detailed comprehension of the interview. Other activities include grammar exercises, where the focus is on exploiting the learners' existing knowledge of how the language works and helping them to notice various patterns in the language.

Post-viewing activities
These activities are designed to provide the learners with the opportunity to express their own opinions or react personally to issues raised in the interviews or to issues related to the topic. The activities involve them in debate with other learners, the questioning of others, commenting on articles or participating in surveys or related writing exercises.

The solutions to the activities in this part can be found in the Key for Teachers at the end of this document.

Advice for the teacher on how to use the material

- Learners are often overly concerned with gaining a complete understanding of the entire interview. Encourage learners not to become fixated by words or expressions that they don't initially understand. Guide them to use the context of the theme to guess the meaning so that they can continue to view and enjoy the interview.

- You will notice that most of the activities in this section require learners to work in pairs and in groups. Such an approach provides learners with the opportunity to

use the language while they work on the activities and also encourages them to help each other with the particular tasks. It also helps to build learners' confidence for class questioning and discussion.

- You should encourage learners to confer with classmates, consult reference books, etc., as well as seeking your help when they encounter an unfamiliar word or term.

- It's useful to help learners think about how they approach the classroom tasks and activities. Talk to them about what works well for them and take time in class to discuss appropriate strategies or techniques for coping with difficulties they encounter during the learning process.

- Revision or review of material covered (vocabulary, expressions, grammar, etc.) should be an integral part of each class. Revision exercises are not included here but you should make it a regular part of your teaching. It's also important to encourage learners to revise or review what they have learned on a ongoing basis. Discuss suitable methods of revision or review with your class and encourage them to use and experiment with newly learned structures as often as possible.

- Before working on any of the activities make sure that the learners understand exactly what they have to do. Once the activity has commenced don't interrupt learners to correct language mistakes but write down important mistakes that you hear so that you can use this information later when revising or reviewing.

- Remember that no two groups of learners are the same and it is important that you take the needs of your learners into consideration when planning the content of your course. Therefore, don't be afraid to adapt activities to suit their needs and to supplement them with other appropriate materials where necessary.

- If you would like more information about syllabi, teaching materials and recognized qualifications for learners of Irish you may consult www.teg.ie for further information.

Aonad 1: Ceantar dúchais
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Tuiscint

Léigh na ceisteanna thíos sula mbreathnaíonn tú ar an agallamh le Máirín Nic Dhonncha. Ansin, nuair a bheidh an t-agallamh feicthe agat, déan na ceisteanna a phlé leis an duine in aice leat.

(a) Cad é mar a léiríonn Máirín go bhfuil sí an-bhródúil as a ceantar dúchais?

(b) Cad iad na rudaí is mó a mheallann daoine chun an cheantair, dar le Máirín?

Focal ar fhocal

An cuimhin leat leaganacha Gaeilge na bhfocal agus na bhfrásaí seo thíos? Déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat. Anois, breathnaigí ar an agallamh arís leis na leaganacha a bhí ag Máirín a sheiceáil.

(a) *a small rural town*: baile _____ _____

(b) *it's situated*: tá sé_____

(c) *it's very famous*: tá an-_____ _____

(d) *by the edge of the sea*: le _____ na_____

(e) *bay*: _____

An teanga

(i) An dtuigeann tú an chiall atá le "réamhfhocal"? Déan roinnt samplaí a sholáthar.

_____

(ii) Seo thíos roinnt abairtí as an agallamh le Máirín. Ar an drochuair fágadh roinnt réamhfhocal ar lár. An féidir leatsa na bearnaí a líonadh? Déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat. Ansin, is féidir libh éisteacht leis an agallamh arís chun na réamhfhocail a sheiceáil.

(a) Is ____ Conamara mé.

(b) Ceann ____ na háiteacha is deise _____ domhan.

(c) Ag breathnú síos díreach _____ Oileáin Árann.

(d) Ceann _____ na galfchúrsaí is deise.

(e) Thug cinnirí Éirí Amach na Cásca cuairt _____ an bPiarsach.

Nathanna úsáideacha

Seo thíos roinnt nathanna a bheidh úsáideach duit agus tú ag labhairt faoi d'áit chónaithe féin.

costasach	bruachbhaile	turais treoraithe
iarsmalann	truailliú	róphlódaithe
bríomhar	sléibhtiúil	ionad oidhreachta
ionad aclaíochta	cois farraige	fáilteach
dífhostaíocht	iargúlta	ceantar tionsclaíochta córas
poitigéir	ionad siamsaíochta	iompair phoiblí
cumainn spóirt	cabhrach	lárionad siopadóireachta

Déan cibé focal nach dtuigeann tú a phlé leis an duine in aice leat agus ansin déan iarracht gach focal a chur sa rannóg cheart thíos.

Cineál áite	***Áiseanna***	***Don turasóir***	***Fadhbanna***	***Daoine***
ceantar tuaithe	siopa físeán	dánlann	brú tráchta	cairdiúil

Plé

Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat. Ansin, déan cur síos do na foghlaimeoirí eile sa rang ar roinnt de na rudaí a phléigh sibh.

(a) Déan cur síos ar na rudaí is mó a thaitníonn leat faoin áit.

(b) An bhfuil aon athruithe móra tagtha ar an áit le blianta anuas?

(c) An bhfuil aon rud sa cheantar a gcuireann turasóirí spéis faoi leith ann?

(d) An dóigh leat go bhfanfaidh tú san áit a bhfuil tú anois? Cén fáth?

Scríbhneoireacht

Abair go bhfuil toghchán le bheith ar siúl i do cheantar féin go luath. Scríobh litir chuig an nuachtán áitiúil ag cur síos d'iarrthóirí an toghcháin ar na rudaí a theastaíonn sa cheantar, dar leatsa.

Aonad 2: An teaghlach
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

Sula mbreathnaíonn tú ar an mhír le Cathal Ó Searcaigh, déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo a leanas a phlé.

- An bhfuil aon eolas agat faoi Neipeal?
- Cén difríocht is mó atá idir an pósadh i do thír féin agus an pósadh i dtíortha ar nós Neipeal agus na hIndia?

Anois, breathnaigí ar an agallamh le Cathal. An raibh an ceart agaibh faoin phósadh i Neipeal?

Focal ar fhocal

Féach ar na focail / frásaí seo thíos. An dtuigeann tú an chiall atá leo? Mura dtuigeann, breathnaigh ar an agallamh arís. An bhfuil an chiall atá leo níos soiléire duit anois?

(a) baint nach beag: _____

(b) fóirsteanach: _____

(c) máchail: _____

(d) smál: _____

(e) léann: _____

Tuiscint

Déan na ceisteanna seo thíos a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) Cén bhaint a bhí ag teaghlach Phrem leis an scéal?

(b) Cad chuige nár roghnaigh Cathal an chéad bhean?

(c) Ní raibh an dara cailín a chonaic Cathal oiriúnach. Cad chuige?

(d) Cén t-eolas a thugtar faoin chlann atá ag Prem agus a bhean chéile anois?

An teanga

Luann Cathal na huimhreacha pearsanta "beirt" agus "triúr". An féidir leat na bearnaí sa ghreille seo thíos a líonadh?

duine amháin	_____	triúr	ceathrar	_____
seisear	_____	ochtar	_____	_____

Focal cuí don ócáid

Tá an-chuid beannachtaí agus nathanna cainte sa Ghaeilge d'ócáidí faoi leith. Déan féin agus an duine in aice leat na nathanna ar dheis a mheaitseáil leis na hócáidí ar chlé. Tá cúpla beannacht ghinearálta ann a bheadh oiriúnach do roinnt ócáidí. Cad iad?

	Ócáid	***Beannacht***
1	Pósadh	Ní maith liom do thrioblóid
2	Sochraid / tórramh	Is é do bheatha
3	Tinneas	Go n-éirí go geal leat
4	31 Nollaig	Go maire sibh bhur nuacht
5	Breithlá	Beannachtaí na féile ort
6	Post nua	Comhghairdeas
7	25 Nollaig	Sliocht sleachta ar shliocht bhur sleachta
8	Duine atá tagtha ar cuairt agat	Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise duit
		Nár fada go mbeidh tú ar do sheanléim arís

Plé

Mar a chonaic tú le linn agallamh Chathail, ní hionann an dearcadh a bhíonn i ngach tír maidir leis an phósadh. Léigh na ráitis seo thíos agus cuir ciorcal timpeall ar cheann amháin de na litreacha atá os comhair gach abairte. Anois, i ngrúpaí de thriúr déanaigí plé ar na ráitis. An bhfuil sibh ar aon intinn fúthu? Féach ar an eochair sula dtosaíonn tú.

Eochair:

A. Aontaím leis an ráiteas (✓)
B. Ní aontaím leis an ráiteas (**X**)
C. Níl mé cinnte faoin ráiteas seo (**?**)

	✓	**X**	**?**
1, Tá seans níos fearr go n-éireoidh le cleamhnas ná le gnáthphósadh.	A	B	C
2. Níor cheart do dhaoine pósadh go dtí go bhfuil siad sna tríochaidí.	A	B	C
3. Níl an pósadh chomh tábhachtach anois mar is féidir colscaradh a fháil an-éasca.	A	B	C

Aonad 3: Obair
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Tuiscint

Léigh na ceisteanna thíos sula mbreathnaíonn tú ar an agallamh le Noel Ó Gallchóir. Ansin, is féidir leat féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo a phlé.

(a) Cén tslí bheatha ar bhain Noel triail aisti ar dtús?
(b) Cén t-eolas a thugann sé dúinn faoina athair?
(c) Is léir go dtaitníonn an cineál seo oibre le Noel. Cén léiriú atá againn air seo?

An teanga

Léigh na hainmfhocail seo a leanas agus ansin déan na gníomhaíochtaí thíos.

Béarla	*Gaeilge*
the family	An teaghlach
the secondary school	An mheánscoil
the priesthood	An tsagartóireacht
the summer	An samhradh
the education	An t-oideachas

(i) Cén chaoi a bhfuil an Ghaeilge difriúil ón Bhéarla sna samplaí thíos?

(ii) Cé acu de na hainmfhocail Ghaeilge thuas atá firinscneach agus cé acu atá baininscneach? Bain úsáid as foclóir mura bhfuil tú cinnte.

(iii) Cad iad na hathruithe a tharlaíonn nuair a chuirtear an t-alt "an" roimh ainmfhocal atá firinscneach nó roimh ainmfhocal atá baininscneach?

(iv) Anois, cuir féin agus an duine in aice leat an t-alt roimh na hainmfhocail seo:

fostaíocht: _____

conradh: _____

pinsean: _____

agallamh: _____

siúinéir: _____

innealtóir: _____

saotharlann: _____

Nathanna úsáideacha

Seo thíos nathanna a bheidh úsáideach agus tú ag caint faoi chúrsaí oibre. Déanfaidh an múinteoir iad a phlé leis an rang.

Bhí folúntas sa chomhlacht.
Chuir mé isteach ar an phost.
Cuireadh faoi agallamh mé.
Rinneadh an post a thairiscint dom.
Cuireadh oiliúint orm.
Tugadh ardú céime dom.
Bhí breis freagrachtaí orm.
D'éirigh mé as nuair a bhí mé seasca bliain d'aois.

Plé

Déan do mhachnamh ar na ceisteanna seo thíos ar feadh cúpla nóiméad agus ansin déan iad a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) An raibh a fhios agat nuair a bhí tú óg cén post ba mhaith leat nó ar an ndearna tú athchomhairle mar a rinne Noel?

(b) Cad iad na rudaí a bhí tábhachtach duitse nuair a bhí tú ag smaoineamh ar an chineál poist ba mhaith leat? Cuir na rudaí thíos in ord tábhachtacha (1-8). Cuir leis an liosta más mian leat.

Laethanta saoire maithe	○	Deis le ragobair a dhéanamh	○
Scéim phinsin	○	Seans le scileanna nua a fhoghlaim	○
Airgead maith	○	Uaireanta solúbtha	○
Bheith ag obair le daoine eile	○	Seans chun ardú céime a fháil	○

(c) Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an phost atá agat?

(d) An bhfuil aon chineál eile oibre ba mhaith leat a dhéanamh amach anseo?

Aonad 4: Caitheamh aimsire
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Tuiscint

Breathnaigh ar an agallamh le Bosco Ó Conchúir. Cén fáth a luann sé na rudaí seo a leanas le linn a chuid cainte?

(a) Máirín, a bhean chéile
(b) An bhliain 1803
(c) Clár speisialta ríomhaireachta

Cad iad na rudaí, dar le Bosco, atá spéisiúil faoin chaitheamh aimsire atá aige?

Focal ar fhocal

Chuala tú leaganacha Gaeilge na bhfocal agus na bhfrásaí thíos le linn an agallaimh. An cuimhin leat iad? Nuair a bheidh tú críochnaithe, déan iad a phlé leis an duine in aice leat. Breathnaigí ar an agallamh arís, más gá.

(a) *family trees*: c _ _ _ _ _ g _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) *parish*: p _ _ _ _ _ _ _

(c) *to a high standard*: ar a_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(d) *immigration*: _ _ _ _ _ _

(e) *our roots*: ár _ _ _ _ _ _ _ acha

(f) *sources*: _ _ _ _ _ _

Nathanna úsáideacha

An féidir leat úsáid a bhaint as na nathanna cainte thíos le cur síos a dhéanamh ar chuid de na caithimh aimsire sa bhosca? An bhfuil tú féin agus an bheirt in aice leat ar aon intinn faoi na caithimh aimsire seo?

Is breá liom…
Tá mé an-tógtha le…
Tá mé i mo bhall de chlub…
Ní chuirim aon suim sa…
Is beag orm…

grianghrafadóireacht		*ag imirt fichille*
drámaíocht	*damhsa*	*scannáin*
galf	*spórt ar an teilifís*	
cócaireacht	*ceoldrámaí*	*snagcheol*
ceol clasaiceachag léamh úrscéalta		

_____

_____

_____

_____

_____

Plé

Déan féin agus an bheirt in aice leat na ceisteanna seo a leanas a phlé.

(a) An bhfuil aon obair déanta agat ar do chrann ginealaigh féin? Cad iad na foinsí ar bhain tú úsáid astu? An mbeadh spéis agat tuilleadh eolais a fháil faoi na daoine a chuaigh romhat?

(b) Déan cur síos ar na cineálacha clár teilifíse a thaitníonn leat.

(c) An bhfuil áiseanna maithe caitheamh aimsire i do cheantar le haghaidh gach aoisghrúpa?

Aonad 5: Saol na cathrach
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Tuiscint

Léigh na ceisteanna thíos sula mbreathnaíonn tú ar an agallamh le hÚna Nic Gabhann. Ansin, nuair a bheidh an t-agallamh feicthe agat, déan na ceisteanna a phlé leis an duine in aice leat.

(a) Cad a deir Úna a léiríonn gur cathair ilchultúrtha atá i mBaile Átha Cliath anois?
(b) Cén tionchar a bhí ag a seal i Meicsiceo ar Úna?
(c) Cén tuairim atá aici faoi bheith ag taisteal sa chathair?

Focal ar fhocal

Le linn an agallaimh úsáideann Úna focail / frásaí atá ar comhchiall leis na cinn seo thíos. An cuimhin leat na cinn a d'úsáid sí? Déan iad a phlé leis an duine in aice leat. Is féidir libh breathnú ar an agallamh arís, más gá.

(a) cabhair, cúnamh:	_ _ _ _ _ _
(b) ag dul in aois:	Ag _____ _____ _____
(c) uaireanta / scaití:	_ _ _ _ _ _ _ _
(d) rud a chuireann as dom:	Rud a _____ _____ _____
(e) níor mhaith liom sin, ní thaitneodh sé sin liom:	Ba _____ _____ sin

An teanga

Déan féin agus an duine in aice leat an ghníomhaíocht seo le chéile.

(i) Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na leaganacha seo ar bhain Úna úsáid astu le linn an agallaimh?
    níos mó
    níos fearr
    níos sine

(ii) Féach ar an ghreille thíos. Cad iad na hathruithe a tharlaíonn do na haidiachtaí seo nuair a chuirtear "níos" nó "is" rompu? An féidir libh aidiacht nó dhó eile a chur le gach rannóg?

Rannóg 1	***Rannóg 2***	***Rannóg 3***	***Rannóg 4***	***Rannóg 5***	***Rannóg 6 (mírialta)***
ciúin glan _____ _____	spéisiúil rathúil _____ _____	uaigneach leadránach _____ _____	faiseanta iargúlta _____ _____	socair deacair _____ _____	breá furasta _____ _____

(iii) Smaoinigh ar na teangacha eile atá ar eolas agat. An dtarlaíonn aon athruithe mar seo iontu?

Léitheoireacht agus scríbhneoireacht

(i) Léigh an sliocht thíos. Ná bac leis na focail sa chló dorcha go fóill. Déan aon fhocal nó aon fhrása nach dtuigeann tú a phlé leis an duine in aice leat nó leis an mhúinteoir.

Cad é an rud is iontaí a tharla le linn an **20ú** hAois? An teicneolaíocht nua, b'fhéidir, nó an **1ú** nó an **2ú** Cogadh Domhanda? Dar leis na Náisiúin Aontaithe go raibh athrú níos tábhachtaí fós ann, agus go bhfuil sé ag dul ar aghaidh go fóill. Leis na céadta bliain tá daoine ag imeacht as an tuath agus ag dul go dtí na bailte móra. Ag tús na bliana **2007,** den chéad uair i stair an domhain, bhí os cionn **½** de dhaonra an domhain ag cur fúthu sna cathracha.

Ní rud nua é sin i **SAM,** áit a bhfuil **80%** den daonra sna cathracha. Is "ollchathair" é Nua-Eabhrac a bhfuil breis agus **10m** duine ina gcónaí ann. Bíonn fadhbanna áirithe ann maidir le trácht agus truailliú agus mar sin de, ach tá cathracha níos mó ná Nua-Eabhrac ann. Cathair Mheicsiceo, **m.sh**., nó Säo Paulo na Brasaíle. Tá suas le **25m** duine ina gcónaí i réigiún Säo Paulo, más fíor do shaineolaithe áirithe. Bíonn sé níos éasca do thíortha saibhre déileáil leis na fadhbanna a bhaineann le daonra mór millteach. Is sna tíortha is boichte a bhíonn na fadhbanna is mó. Ní bhíonn uisce glan le fáil ag duine as gach **3** a chónaíonn i gcathair. Cónaíonn na daoine mífhortúnacha seo i dtithe plódaithe, dainséaracha. Deir na Náisiúin Aontaithe go gcaithfidh pleanáil níos cúramaí a bheith ann agus jabanna, tithe **srl**. a chur ar fáil ar bhonn níos cothroime lasmuigh de na cathracha.

(ii) Déan plé ar ábhar an ailt leis an bheirt in aice leat. An dóigh libh gur drochrud amach agus amach a oiread sin daoine a bheith ina gcónaí i gcathracha an domhain?

(iii) Tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil cló dorcha ar na ***giorrúcháin*** ar fad sa sliocht. Cuir i gcás go gcaithfidh iad a scríobh amach go hiomlán. An féidir leat é sin a dhéanamh?

Sampla: an **20ú** hAois: an fichiú hAois

_____

_____

_____

_____

Plé

Déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo thíos a phlé.

(a) Déan cur síos ar an chathair is mó a thaitníonn leat. Cad iad na fáthanna a dtaitníonn sí leat?

(b) Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí atá le saol na cathrach, dar leatsa?

Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Freagraí na ngníomhaíochtaí

Key for teachers

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Aonad 1: Ceantar dúchais

Focal ar fhocal

(a) *a small rural town*: (baile **beag tuaithe**)

(b) *it's situated*: (tá sé **suite**)

(c) *it's very famous*: (tá an-**cháil air**)

(d) *by the edge of the sea*: (le **himeall** na **farraige**)

(e) *bay*: (**cuan**)

An teanga

(i) Samplaí de réamhfhocail: ar, le, go, chuig agus araile

(ii) Seo thíos na réamhfhocail a bhí de dhíth sna habairtí.

(a) Is **as** Conamara mé.

(b) Ceann **de** na háiteacha is deise **ar** domhan.

(c) Ag breathnú síos díreach **ar** Oileáin Árann.

(d) Ceann **de** na galfchúrsaí is deise.

(e) Thug cinnirí Éirí Amach na Cásca cuairt **ar** an bPiarsach.

Nathanna úsáideacha

D'fhéadfaí cuid de na nathanna faoi "Don turasóir" a chur is isteach i rannóg "Áiseanna" agus *vice versa*.

Cineál áite	*Áiseanna*	***Don turasóir***	***Fadhbanna***	***Daoine***
ceantar tuaithe	siopa físeán	dánlann	brú tráchta	cairdiúil
cois farraige	ionad aclaíochta	iarsmalann	truailliú	fáilteach
bruachbhaile	córas iompair phoiblí	turais treoraithe	róphlódaithe	cabhrach
sléibhtiúil	poitigéir	ionad oidhreachta	costasach	
bríomhar	cumainn spóirt		dífhostaíocht	
iargúlta	ionad siamsaíochta			
ceantar tionsclaíochta	lárionad siopadóireachta			

Aonad 2: An teaghlach

Focal ar fhocal

(a) baint nach beag: (*no small part*)
(b) fóirsteanach: (*suitable*)
(c) máchail: (*blemish*)
(d) smál: (*blemish*)
(e) léann: (*education*)

An teanga

Duine amháin, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr.

Focal cuí don ócáid

Pósadh: (Go maire sibh bhur nuacht, Go n-éirí go geal leat, Comhghairdeas, Sliocht sleachta ar shliocht bhur sleachta)
Sochraid / tórramh: (Ní maith liom do thrioblóid)
Tinneas: (Nár fada go mbeidh tú ar do sheanléim arís)
31 Nollaig: (Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise duit)
Breithlá: (Comhghairdeas)
Post nua: (Go n-éirí go geal leat, Comhghairdeas)
25 Nollaig: (Beannachtaí na féile ort)
Duine atá tagtha ar cuairt agat: (Is é do bheatha)

Aonad 3: Obair

An teanga

(i) Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail Bhéarla nuair a chuirtear an t-alt *the* rompu.

(ii) Seo thíos na freagraí:
An teaghlach: firinscneach
An mheánscoil: baininscneach
An tsagartóireacht: baininscneach
An samhradh: firinscneach
An t-oideachas: firinscneach

(iii) Seo thíos eolas faoin ainmfhocal agus an t-alt:
An t-alt "an" + ainmfhocail atá firinscneach

- Cuirtear "t" roimh ainmfhocal a thosaíonn le guta (an t-oideachas, an t-athair), ach tabhair faoi deara nach mbaintear úsáid as an fhleiscín nuair is ceannlitir a bhíonn i gceist (an tUachtarán, an tOllamh Ó Dúill).
- Ní tharlaíonn aon athrú eile nuair a chuirtear an t-alt roimh ainmfhocail fhirinscneacha (an teaghlach, an samhradh).

An t-alt "an" + ainmfhocail atá baininscneach

- Cuirtear séimhiú "h" ar ainmfhocail a thosaíonn le consan (an mheánscoil, an fhuinneog).
- Cuirtear "t" roimh ainmfhocail a thosaíonn le sl, sn, sr agus s + guta (an tsagartóireacht, an tseachtain, an tsláinte).

Mínigh do na foghlaimeoirí go mbíonn rialacha eile i bhfeidhm nuair a bhíonn réamhfhocal roimh an t-al féin. Ní gá na rialacha sin a mhíniú ag an phointe seo.

(iv) Seo thíos na freagraí:
fostaíocht: (an fhostaíocht / baininscneach)
conradh: (an conradh / firinscneach)
pinsean: (an pinsean / firinscneach)
agallamh: (an t-agallamh / firinscneach)
siúinéir: (an siúinéir / firinscneach)
innealtóir: (an t-innealtóir / firinscneach)
saotharlann: (an tsaotharlann / baininscneach)

Plé
Mínigh do na foghlaimeoirí gur féidir leo labhairt faoi phost a bhí acu san am atá thart. Tá seans ann go bhfuil cuid acu dífhostaithe nó éirithe as obair.

Aonad 4: Caitheamh aimsire

Focal ar fhocal
(a) *family trees*: (crainn ghinealaigh)
(b) *parish*: (paróiste)
(c) *to a high standard*: (ar ardchaighdeán)
(d) *immigration*: (imirce)
(e) *our roots*: (ár bpréamhacha)
(f) *sources*: (foinsí)

Nathanna úsáideacha
(i) Cuir i gcuimhne do na foghlaimeoirí go mbeidh aon ainmfhocal i ndiaidh an focal "club" sa tuiseal ginideach. Mar shampla "Tá mé i mo bhall de chlub drámaíochta".

(ii) De ghnáth cuirtear séimhiú ar aon fhocal a leanann "sa". Mar shampla "Tá suim agam sa ghalf".

Aonad 5: Saol na cathrach

Focal ar fhocal

(a) cabhair, cúnamh: (cuidiú)
(b) ag dul in aois: (ag éirí níos sine)
(c) uaireanta / scaití: (corruair)
(d) rud a chuireann as dom: (rud a chuireann isteach orm)
(e) níor mhaith liom, ní thaitneodh sé liom: (ba bheag orm sin)

An teanga

(i) Breischéim na haidiachta (*comparative of adjectives*) atá i gceist le "níos mó", "níos fearr" agus "níos sine" agus is sárchéim na haidiachta (*superlative of adjectives*) atá i gceist le "is lú" agus "is fearr".
(ii) Seo thíos na hathruithe a tharlaíonn do na haidiachtaí seo nuair a chuirtear "níos" nó "is" rompu.

Rannóg 1	***Rannóg 2***	***Rannóg 3***	***Rannóg 4***	***Rannóg 5***	***Rannóg 6 (mírialta)***
Níos ciúine	Is spéisiúla	Is uaigní	Is faiseanta	Is socra	Is breátha
Níos glaine	Is rathúla	Is leadránaí	Is iargúlta	Is deacra	Is fusa
Níos airde	**Is cairdiúla**	**Is deireanaí**	**Is crua**	**Is saibhre**	**Is giorra**

Léitheoireacht agus scríbhneoireacht

(a) an 1ú nó an 2ú Cogadh Domhanda: (an Chéad nó an Dara Cogadh Domhanda)
(b) 2007: (dhá mhíle is a seacht)
(c) ½: (leath)
(d) SAM: (Stáit Aontaithe Mheiriceá)
(e) 80%: (ochtó faoin gcéad / faoin chéad)
(f) 10m duine: (deich milliún duine)
(g) m.sh.: (mar shampla)
(h) 25m: (cúig mhilliún is fiche)
(i) duine as gach 3: (duine as gach triúr)
(j) srl.: (agus araile)